Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10584/26**

**ENT 149**
**MI 640**
**COMPET 774**
**IND 416**
**SAN 481**
**ENV 739**
**DELACT 100**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3835 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 11.6.2026<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin is infheidhme a bhunú le haghaidh finte agus catagóirí táirgí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3835 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3835 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.6.2026
C(2026) 3835 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11.6.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin is infheidhme a bhunú le haghaidh finte agus catagóirí táirgí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], cumhachtaítear don Choimisiún an Rialachán sin a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena gcinntear, i gcás gach fine táirgí nó catagóire táirgí, an córas measúnúcháin agus fíorúcháin is infheidhme i measc na gcóras dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin. Leis na gníomhartha tarmligthe sin, féadfar córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin éagsúla a chinneadh laistigh den fhine táirgí chéanna nó den chatagóir táirgí chéanna, agus idirdhealú á dhéanamh de réir saintréith fhíor-riachtanach nó de réir ceanglas táirge.

Tá an measúnú agus an fíorú ar sheasmhacht na gcóras feidhmíochta a leagtar amach laistigh de chreat rialála Rialachán (AE) Uimh. 305/2011[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar aon dul leis na córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin faoi Rialachán (AE) 2024/3110. Léirítear lena gcur i bhfeidhm rathúil gur bonn láidir iad na cúraimí tríú páirtí a leagtar amach faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 chun na córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin is infheidhme a leagan amach faoi Rialachán (AE) 2024/3110. Forbraíodh na córais sin agus na húsáidí atá beartaithe, an damáiste a d’fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar easnaimh táirgí, íogaireacht an táirge i leith éagsúlachtaí feidhmíochta faoi choinníollacha táirgthe, an dóchúlacht go ndéanfar earráidí le linn a mhonaraithe agus an fhéidearthacht earráidí monaraíochta a bhrath go héasca á gcur san áireamh. Tá na prionsabail chéanna agus na pointí tagartha céanna infheidhme faoi Rialachán (AE) 2024/3110.

Is iomchuí an gníomh tarmligthe a ghlacadh le haghaidh gach fine táirgí in aon ghníomh amháin i bhfianaise an ghá atá le comhsheasmhacht a choinneáil ar fud finte táirgí agus i bhfianaise go gcinnfear iad sula dtiocfaidh na sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe agus na doiciméid um measúnú Eorpach chun bheith infheidhme. Tá ábharthacht ar leith ag baint leis sin ós rud é go leanann forbairt doiciméad um measúnú Eorpach an t-éileamh ó mhonaróir, ó ghrúpa monaróirí, ó chomhlachas monaróirí nó ón gCoimisiún. Mar sin féin, trí aghaidh a thabhairt ar gach fine táirgí, ní chuirtear bac ar an ngá atá leis an ngníomh tarmligthe seo a leasú nuair is gá chun freagairt do cheanglais shonracha arna sainaithint ag Sainghrúpa *Acquis* RTF.

Níor foráladh le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 do ghníomh dlí uathúil lena mbunaítear measúnú agus fíorú seasmhachta le haghaidh córas feidhmíochta 4 i ndáil le saintréithe fíor-riachtanacha a mheastar go gcomhlíontar leo feidhmíocht áirithe gan tástáil nó gan tuilleadh tástála. Tugtar aghaidh ar an tsaincheist sin sa ghníomh tarmligthe in éineacht le forálacha cothrománacha maidir le saintréithe fíor-riachtanacha de chineál cothrománach a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/3110.

I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 305/2011, leagtar amach córas measúnúcháin agus fíorúcháin 3+ le haghaidh saintréithe fíor-riachtanacha a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil. De réir an chur chuige chéanna, leagtar amach córas measúnúcháin agus fíorúcháin 3 le haghaidh saintréithe fíor-riachtanacha a bhaineann le hastú substaintí contúirteacha isteach san aer laistigh agus leagtar amach córas measúnúcháin agus fíorúcháin 2+ le haghaidh saintréithe fíor-riachtanacha a bhaineann le sceitheadh substaintí contúirteacha isteach san ithir agus sa screamhuisce. Ar deireadh, bunaítear an córas measúnúcháin agus

[1] IO L, 2024/3110, 18.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3110/oj.
[2] IO L 88, 4.4.2011, lgh. 5–43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/305/oj.

fíorúcháin le haghaidh na saintréithe fíor-riachtanaí ‘imoibriú le dóiteán’ de réir na gcritéar atá ar fáil cheana faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 mar gheall ar an ngá atá le cobhsaíocht rialála a choinneáil ar bun i ndearbhú feidhmíochta na saintréithe sin.

Tá gá le cur chuige saincheaptha le haghaidh saintréithe fíor-riachtanacha nach dtagann faoi na catagóirí roimhe seo ag brath ar na finte táirgí lena mbaineann nó ar riachtanais na gcatagóirí táirgí chun an t-ualach ar mhonaróirí a íoslaghdú, agus ardleibhéal cosanta do shláinte agus sábháilteacht daoine agus don chomhshaol á áirithiú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Fógraíodh an dréachtrialachán ag an gcruinniú a bhí ag Sainghrúpa *Acquis* RTF an 24 Aibreán 2025, agus ina dhiaidh sin rinneadh comhairliúchán i scríbhinn le saineolaithe idir an 23 Iúil 2025 agus an 15 Deireadh Fómhair 2025. Roimh an gcéim sin, tugadh deis do na Ballstáit uile saineolaithe a ainmniú chun páirt a ghlacadh. Chomh maith leis na saineolaithe sin, chuathas i gcomhairle le saineolaithe agus páirtithe leasmhara seachtracha eile freisin.

Rinneadh na doiciméid atá ábhartha i dtaca leis an gcomhairliúchán scríofa a tharchur go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, mar a cheanglaítear sa Chomhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe. Na barúlacha a cuireadh i láthair sna comhthéacsanna sin, cuireadh san áireamh iad agus an dréacht a cuireadh isteach le haghaidh aiseolas ón bpobal á ullmhú.

Foilsíodh an dréacht-rialachán ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr chun aiseolas a fháil ón bpobal ón 10 Nollaig 2025 go dtí an 7 Eanáir 2026 agus cuireadh faoi bhráid Shainghrúpa Acquis RTF é chun barúlacha breise a fháil idir an 7 Eanáir agus an 21 Eanáir. Cuireadh an t-aiseolas a fuarthas san áireamh agus an leagan deiridh den ghníomh seo á dhréachtú.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

De bhun Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2024/3110, cumhachtaítear don Choimisiún an Rialachán sin a fhorlíonadh tríd an gcóras measúnúcháin agus fíorúcháin is infheidhme i measc na gcóras sin dá dtagraítear in Iarscríbhinn IX a chinneadh trí ghníomhartha tarmligthe, le haghaidh gach fine táirgí nó catagóire táirgí. Leis na gníomhartha tarmligthe sin, féadfar córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin éagsúla a chinneadh laistigh den fhine táirgí chéanna nó den chatagóir táirgí chéanna, agus idirdhealú á dhéanamh de réir saintréith fhíor-riachtanach nó de réir ceanglas táirge.

Tá na córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 10(2) infheidhme maidir le doiciméid um measúnú Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 33(2) nó féadfar iad a ghlacadh chun na críche sin mura bhfuil siad ar fáil de bhun Airteagal 33(3).

Sa ghníomh tarmligthe seo, éilítear na cúraimí tríú páirtí a leagan amach, ar cúraimí iad atá le déanamh ag comhlachtaí faoina dtugtar fógra i ndáil le measúnú agus fíorú a dhéanamh ar fheidhmíocht táirgí foirgníochta agus orthu siúd a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas. Tá gá leis freisin chun na forálacha simplithe a leagtar amach in Airteagal 59(1)(a) de Rialachán (AE) 2024/3310 a chur chun feidhme maidir le táirgí a meastar go bhfuil leibhéal nó aicme áirithe feidhmíochta bainte amach acu gan tástáil ná ríomh, nó gan a thuilleadh tástála ná ríomha, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 5(6) den Rialachán céanna.

Tá an Rialachán seo i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Áirithítear leis leanúnachas le cur chun feidhme Rialachán (AE) 305/2011 agus Rialachán (AE) 2024/3110.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11.6.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin is infheidhme a bhunú le haghaidh finte agus catagóirí táirgí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/3110 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 305/2011[3], agus go háirithe Airteagal 10(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise na gcóras measúnúcháin agus fíorúcháin a bhunaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/3110 agus é á chur san áireamh, i gcás gach fine táirgí nó catagóire táirgí, go n-éilítear le Rialachán (AE) 2024/3110 córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin a bhunú i ndáil lena saintréithe fíor-riachtanacha agus lena gcomhréireacht le ceanglais táirge, is gá, dá bhrí sin, a shuí cén córas measúnúcháin agus fíorúcháin a bhfuil feidhm aige maidir le gach fine táirgí agus gach catagóir táirgí sula dtiocfaidh sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe lena mbunaítear saintréithe sár-riachtanacha, sonraíochtaí teicniúla comhchuibhithe lena mbunaítear ceanglais táirge, nó doiciméid um measúnú Eorpach chun bheith infheidhme.

(2) Chun leanúnachas leis an gcóras rialála arna bhunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 305/2011[4] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a áirithiú, ba cheart an measúnú agus an fíorú ar sheasmhacht na gcóras feidhmíochta a leagtar amach faoin Rialachán sin a chur san áireamh chun na córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin a bhunú faoi Rialachán (AE) 2024/3110 a mhéid a mheastar leo na húsáidí atá beartaithe, an damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar easnaimh táirgí, íogaireacht an táirge i leith éagsúlachtaí feidhmíochta faoi choinníollacha táirgthe, an dóchúlacht go ndéanfar earráidí le linn a mhonaraithe agus an fhéidearthacht earráidí monaraíochta a bhrath go héasca. Ba cheart na córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin a shaincheapadh do na finte táirgí lena mbaineann nó do na catagóirí táirgí lena mbaineann agus ba cheart an t-ualach ar mhonaróirí a íoslaghdú leo, agus ardleibhéal cosanta do shláinte agus sábháilteacht daoine agus don chomhshaol á áirithiú an tráth céanna.

---

3 IO L, 2024/3110, 18.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3110/oj.

4 IO L 88, 4.4.2011, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/305/oj.

(3) Cé go bhfuil feidhm ag an ngníomh tarmligthe seo maidir le gach fine táirgí, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh leasuithe chun riachtanais shonracha arna sainaithint le linn fhorbairt na n-iarrataí ar chaighdeánú agus na nDoiciméad um Measúnú Eorpach a chur san áireamh.

(4) Chun an t-ualach a laghdú ar mhonaróirí a thairbhíonn as cur chun feidhme nósanna imeachta simplithe arna mbunú le Rialachán (AE) 2024/3110, is infheidhme maidir le saintréithe fíor-riachtanacha a mheastar go gcomhlíonann siad feidhmíocht áirithe gan tástáil nó gan tuilleadh tástála, ba cheart feidhm a bheith ag córas measúnúcháin agus fíorúcháin 4, gan beann ar an gcóras a éilítear de ghnáth nuair a mheastar nach bhfuil feidhm ag forálacha 'a mheastar a bheith comhlíonta'.

(5) Ba cheart roinnt saintréithe fíor-riachtanacha de chineál cothrománach arna ngrúpáil i gcomhréir le hIarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/3110 a chumhdach le córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin gan beann ar an bhfine táirgí agus ar an gcatagóir táirgí lena mbaineann. Ba cheart an cur chuige sin a chur chun feidhme le haghaidh na ngrúpaí saintréithe fíor-riachtanacha 'imoibriú le dóiteán', 'feidhmíocht i gcás teagmháil le dóiteán seachtrach', 'scaoileadh substaintí contúirteacha agus an t-ábhar atá iontu' agus 'inbhuanaitheacht comhshaoil'.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2024/3110, féadfar córais éagsúla mheasúnúcháin agus fíorúcháin a leagan amach laistigh den fhine táirgí chéanna nó den chatagóir táirgí chéanna, ag brath ar na saintréithe fíor-riachtanacha sonracha nó ar na ceanglais táirgí shonracha. Dá bhrí sin, ba cheart an córas measúnúcháin agus fíorúcháin is infheidhme a léiriú le haghaidh gach catagóire táirgí, agus na húsáidí atá beartaithe agus aon bharúil bhreise is gá chun léirmhíniú ceart ar an ábhar teicniúil a áirithiú á gcur san áireamh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Beidh feidhm ag an gcóras measúnúcháin agus fíorúcháin a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo maidir le saintréithe fíor-riachtanacha táirgí sonracha a mheastar a bhaineann leibhéal nó aicme áirithe feidhmíochta amach gan tástáil ná ríomh, nó gan tuilleadh tástála ná ríomha, i gcomhréir le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2024/3110, ar choinníoll go gcuirfear i bhfeidhm an fhoráil 'a mheastar a bheith comhlíonta' a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin.

2. Beidh forlámhas ag an gcóras measúnúcháin agus fíorúcháin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcás ina leagtar síos an tsaintréith fhíor-riachtanach chéanna freisin i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Rialachán sin. I gcás nach gcuirtear an rogha 'a mheastar a bheith comhlíonta' dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm, is é an córas measúnúcháin agus fíorúcháin a leagtar síos in Airteagail 2 agus 3 a bheidh sa chóras measúnúcháin agus fíorúcháin is infheidhme.

*Airteagal 2*

1. Is iad na córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a bheidh sa chóras measúnúcháin agus fíorúcháin is infheidhme maidir le roinnt saintréithe fíor-riachtanacha de chineál cothrománach a ghrúpáiltear i gcomhréir le hIarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/3110.

2. Beidh forlámhas ag an gcóras measúnúcháin agus fíorúcháin a leagtar amach i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo i gcás ina leagtar síos an tsaintréith fhíor-riachtanach chéanna freisin i gcomhréir le hAirteagail 3.

*Airteagal 3*

Is iad na córais mheasúnúcháin agus fíorúcháin a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo an córas measúnúcháin agus fíorúcháin is infheidhme maidir le saintréithe fíor-riachtanacha agus ceanglais táirge le haghaidh catagóir shonrach táirgí, agus na húsáidí atá beartaithe agus aon bharúil bhreise is gá chun an t-ábhar teicniúil a léirmhíniú i gceart á gcur san áireamh.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11.6.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*